# AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA

# SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2002

# GAEILGE - BONNLEIBHÉAL

## SCÉIM MHARCÁLA

### Treoracha Ginearálta

1. Le linn na marcála ní mór cloí go dlúth leis an Scéim seo, le cibé leasuithe a dhéanfar uirthi ag an gComhdháil Mharcála, agus le cibé treoracha eile a thabharfar ag an gComhdháil nó ina dhiaidh sin.

2. Ní mór don Scrúdaitheoir Cúnta an mharcáil ar na freagarleabhair a dhéanamh i ndúch dearg.

3. Ní mór na marcanna a bhronntar ar fhoranna éagsúla na gceisteanna agus na bhfocheisteanna (de réir mar a áireofar ag an gComhdháil iad) a thaispeáint go soiléir sna hionaid chuí ar na freagarleabhair.

4. Ní ceart don Scrúdaitheoir Cúnta aon rud a scríobh i gcorp an fhreagarleabhair ach amháin marcanna, comharthaí, ticeanna, línte.

5. Maidir le ceisteanna ilrogha, tugtar faoi deara:-

   (a) nach bhfuil ach rogha amháin atá fíorchruinn, ceart i gcás gach aon cheann riamh acu;

   (b) náid (**0**) an marc a bhronnfar ar iarrthoirí gur léir (thar tairbhe amhrais) nár bheartaigh siad ar an rogha cheart; i gcás fánach, fíoreisceachtúil, d'fhéadfaí glacadh le rogha atá bun os cionn leis an gceann ceart. (Pléifear cásanna dá leithéid ag an gComhdháil.)

# PÁIPÉAR SCRÍOFA (S5)

**(200 marc)**

| **ROINN I – LÉAMHTHUISCINT** | **[100 marc]** |
|---|---|

Freagair **gach** ceist.

**CEIST 1.** Scríobh an abairt cheart sa spás faoi gach picitiúr. **(20 marc)**

Abairt in aghaidh an phictiúir: níl ach aon rogha cheart amháin i ngach cás, (a) - (f).

Sé abairt / pictiúr. Ceithre mharc an ceann.

4 mharc x 6 = 24 (Uasmhéid 20)

Má ghnóthaíonn iarrthóir ar bith 21 - 24, ní mór an marc a ísliú go dtí 20 (an t-uasmhéid atá ceadaithe don cheist).

Is triail ar thuiscint atá i gceist anseo. Dá thoradh sin, iarrthóirí a léiríonn (ar aon bhealach réasúnta) léamhthuiscint mar atá á lorg bronnfar 3 mharc (as 4) orthu; iadsiúd a scríobhann cuid chuí den abairt - níl cruinneas i gceist - a fhreagraíonn don phictiúr bronnfar 4 mharc orthu.

**CEIST 2.** Léigh **an fógra** thíos agus freagair na ceisteanna atá faoi. **(40 marc)**

Tá sé cheist le freagairt anseo.

Ceisteanna 1 - 5. Sé mharc an ceann.

(Níl ach rogha cheart amháin i ngach cás.)

Ceist 6. Tá dhá rud le hainmniú. Sé mharc an ceann.

Ceisteanna 1 - 5: 6 mharc x 5 = 30. Ceist 6 : 6 + 6 = 12.

30 + 12 = 42 (Uasmhéid 40).

**CEIST 3.** Freagair (a) **agus** (b). **(40 marc)**

Léigh an dá **alt nuachta** seo agus freagair na ceisteanna atá fúthu.

Caithfidh iarrthóirí tabhairt faoin dá chuid, (a) agus (b), den cheist seo.

(a): 20 marc; (b): 20 marc. 20 + 20 = 40.

An dáileadh céanna marcanna sa dá chás:

1\. - 10; 2. - 5; 3. - 5.

10 + 5 + 5 = 20.

## ROINN II - SCRÍOBH NA TEANGA [100 marc]

**CEIST 4.** Freagair (a) **nó** (b). **(30 marc)**

(a) Féach ar an bpictiúr atá thíos.

Tá tusa agus do mhuintir ar laethanta saoire san áit seo. Scríobh **cárta poist** chuig do chara ag insint dó/di faoin áit.

<u>Leagan amach : 8 marc</u>

Beannú : 2 mharc; Ainm: 2mharc;

Síniú : 2 mharc; Seoladh: 2 mharc.

<u>Cumarsáid : 16 mharc</u>

Ceithre abairt. Ceithre mharc an ceann

4 mharc x 4 = 16

<u>Cruinneas Gaeilge : 6 mharc</u>

8 + 16 + 6 = 30 marc

**NÓ**

(b) Féach ar an bpictiúr atá thíos.

Bhí tusa agus do mhuintir ar saoire san áit seo an samhradh seo caite. Seo pictiúr de na rudaí a bhí ar siúl agaibh lá amháin. Ba mhaith leat **cuntas** (6 abairt) faoin lá sin a scríobh i do **dhialann**.

Scríobh an **cuntas** (6 abairt) trí na ceisteanna seo a fhreagairt.

<u>Cumarsáid : 24 mharc</u>

Sé abairt. Ceithre mharc an ceann

4 mharc x 6 = 24 mharc

<u>Cruinneas Gaeilge : 6 mharc</u>

24 + 6 = 30

**CEIST 5.** Freagair (a) **nó** (b). **(30 marc)**

(a) Léigh an fógra seo.

Ba mhaith leat dul go dtí an cheolchoirm seo le do chara Áine. Scríobh **CUIREADH** chuichi ag iarraidh uirthi dul go dtí an cheolchoirm leat.

**N.B.** Is tusa Alex.

<u>Cumarsáid : 24 mharc</u>

Cuireadh : 12 mharc

Trí thagairt (eolas ón gcuireadh). Ceithre mharc an ceann

4 mharc x 3 = 12 mharc

12 + 12 = 24 mharc

<u>Cruinneas Gaeilge : 6 mharc</u>

24 + 6 = 30

**NÓ**

Tá tusa agus do dheartháir Bobby sna pictiúir thuas. Beidh do Mhamaí ar ais ag a 8.00 p.m.
Fág **Nóta** do do Mhamaí. (Máire is ainm duit féin.)

Inis sa **nóta** :-

- Cad a bhí ar siúl agaibh sa chistin (Pictiúr 1);
- Cad a tharla (Pictiúr 2);
- Cá bhfuil sibh imithe (Pictiúr 4).

<u>Cumarsáid : 24 mharc</u>

Trí phictiúr. Ocht marc an ceann

8 marc x 3 = 24 mharc

<u>Cruinneas Gaeilge : 6 mharc</u> (2 + 2 + 2)

24 + 6 = 30

**CEIST 6.** Freagair (a) **nó** (b). **(40 marc)**

(a) Féach ar an bpictiúr thíos. Bhí tusa ag an **gCluiche Cispheile**. Tá tú chun alt gearr a scríobh in "Iris na Scoile" faoi.

Scríobh an t-alt (timpeall 60 focal) sa spás atá faoin bpictiúr.

<u>Cumarsáid : 32 mharc</u>

<u>Ceithre</u> ní a lua. Ocht marc an ceann.

8 marc x 4 = 32

(Is leor timpeall 40 focal.)

<u>Cruinneas Gaeilge : 8 marc</u>

(Lochtach ach intuighte - 4 mharc)

**NÓ**

(b) Ba mhaith leat post páirtaimseartha a fháil i rith an tsamhraidh i siopa peataí i do cheantar.

Líon isteach an **Fhoirm Iarratais** thíos don phost sa siopa nuachtán.

[Nóta: Is tusa Proinsias de Brún]

<u>Cumarsáid : 32 mharc</u>

Tá 15 bhlúire eolais ar fad le líonadh isteach chomh maith leis an dáta. Dhá mharc an ceann.

2 mharc x 16 = 32

<u>Cruinneas Gaeilge : 8 marc</u>

Níl aon mhionbhreiseadh i gceist anseo. Blocmharc (as 8) a thabhairt ag deireadh.

32 + 8 = 40

**CLOSTUISCINT - (120 marc) - (S5A)**

Freagair **gach** ceist. Tá na treoracha don Chlostuiscint ar an téip. Cuir tic leis an bhfreagra ceart i ngach cás.

Níl aon fhoroinnt ar na marcanna idir na ceisteanna, 1 - 12, i gceist i gcás na Trialach Clostuisceana.

Tá freagraí le tabhairt ar 21 cheist. Ceisteanna ilrogha iad ar fad.

Náid (**O**) nó sé (**6**) an marc a bhronnfar i ngach cás.

6 mharc x 21 = 126 mharc (Uasmhéid 120)

I gcás gach ceiste níl ach rogha amháin atá fíorchruinn, ceart.

**SCÉIM MHARCÁLA**

**GAEILGE (BONNLEIBHÉAL) - SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA 2002**

**CLUASTUISCINT (180 MARC)**

**COMHAIRLE SPEISIALTA FAOI NA TICEANNA**

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| Ceist 1 | (a) | Feirmeoir = an dara pictiúr | ... 7 marc ) | = 14 marc |
| | (b) | I gCorcaigh | ... 7 marc ) | |
| Ceist 2 | (a) | Bainisteoir ar mhonarcha éisc = an chéad phictiúr | ... 7 marc ) | = 14 marc |
| | (b) | Taithí trí bliana. | ... 7 marc ) | |
| Ceist 3 | (a) | Ceolchoirm = an chéad phictiúr | ... 7 marc ) | = 14 marc |
| | (b) | Euro 10,000 | ... 7 marc ) | |
| Ceist 4 | | Margadh Glasraí = an tríú pictiúr | ... 7 marc ) | = 7 marc |
| Ceist 5 | | An bosca ag an mbarr ar dheis | ... 7 marc ) | = 7 marc |
| Ceist 6 | (a) | Aimsir fhliuch = an ceathrú pictiúr | ... 8 marc ) | = 16 marc |
| | (b) | I gCo. An Chláir | ... 8 marc ) | |
| Ceist 7 | (a) | Díospóireacht = an tríú pictiúr | ... 8 marc ) | = 16 marc |
| | (b) | Triúr | ... 8 marc ) | |
| Ceist 8 | (a) | Díolachán Éadaí agus Cácaí = an chéad phictiúr | ... 8 marc ) | = 16 marc |
| | (b) | Áras na Seandaoine | ... 8 marc ) | |
| Ceist 9 | (a) | Trialacha sacair = an tríú pictiúr | ... 8 marc ) | = 16 marc |
| | (b) | 14 bliana d'aois | ... 8 marc ) | |
| Ceist 10 | (a) | Dé hAoine | ... 10 marc ) | = 20 marc |
| | (b) | 11.00 p.m. | ... 10 marc ) | |
| Ceist 11 | (a) | Ag imirt cispheile | ... 10 marc ) | = 20 marc |
| | (b) | Dhá uimhir | ... 10 marc ) | |
| Ceist 12 | (a) | Sa Spáinn | ... 10 marc ) | = 20 marc |
| | (b) | San aerfort | ... 10 marc ) | |

(<u>NÓTA</u>: Sá chás fíorannamh go bhféadfaí a rá go bhféadfadh an dara pictiúr a bheith ceart, tabharfar creidiúint don fhreagra sin.)

**SCÉIM MHARCÁLA**

**GAEILGE (BONNLEIBHÉAL) - SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA 2002**

**ROINN I - LÉAMHTHUISCINT (150 MARC)**

**COMHAIRLE SPEISIALTA FAOI NA TICEANNA**

Ceist 1 40 Marc Meaitseáil

1 → E; 2 → H; 3 → G; 4 → J; 5 → A; 6 → I; 7 → C;
8 → B; 9 → D; 10 → F — 10 x 4 marc ... 40 marc

Ceist 2 — 50 Marc Freagair do rogha dhá cheann de (a), (b), (c) anseo thíos

(a) Litir

| | | | |
|---|---|---|---|
| 1. | I gCorcaigh | ... 5 marc ) | |
| 2. | An Ardteistiméireacht | ... 5 marc ) | |
| 3. | Grád B | ... 5 marc ) | = 25 marc |
| 4. | Ag obair mar rúnaí | ... 5 marc ) | |
| 5. | Agallaimh | ... 5 marc ) | |

(b) Bróisiúr

| | | | |
|---|---|---|---|
| 1. | In Inis Meáin | ... 5 marc ) | |
| 2. | Folcadán | ... 5 marc ) | |
| 3 . | Béile le bia mara | ... 5 marc ) | = 25 marc |
| 4. | Siar an bóthar ón Óstán | ... 5 marc ) | |
| 5. | Ar bhád } | ... 5 marc ) | |
| | In eitleán } | ... 3 marc ) | |

(c) Scéal Nuachta

| | | | |
|---|---|---|---|
| 1. | Na milliúin leabhar | ... 5 marc ) | |
| 2. | I 1999 | ... 5 marc ) | |
| 3. | Ag siúl | ... 5 marc ) | = 25 marc |
| 4. | I héileacaptar | ... 5 marc ) | |
| 5. | Ag siúl | ... 5 marc ) | |

/...

Ceist 3 60 Marc Freagair do rogha **dhá cheann** de (a), (b), (c) anseo thíos

(a) Alt

| | | | |
|---|---|---|---|
| 1. | I mBaile Átha Cliath | ... 6 marc ) | |
| 2. | Teachta Dála | ... 6 marc ) | |
| 3. | Céim sa cheol | ... 6 marc ) | = 30 marc |
| 4. | Beirt atá ag seinm sa bhanna in éineacht leis | ... 6 marc ) | |
| 5. | "The Big Romance" | ... 6 marc ) | |

(b) Giota

| | | | |
|---|---|---|---|
| 1. | Urlár de chré ghorm | ... 6 marc ) | |
| 2. | Buicéad de ghaineamh glan | ... 6 marc ) | |
| 3. | Aol a chuireadh daoine ar bhallaí na dtithe | ... 6 marc ) | = 30 marc |
| 4. | Solas Leictreach | ... 6 marc ) | |
| 5. | Seálta | ... 6 marc ) | |

(c) Véarsaí

| | | | |
|---|---|---|---|
| 1. | I spáslong | ... 6 marc ) | |
| 2. | D'eitil sé tharstu | ... 6 marc ) | |
| * 3. | Go Mars | ... 6 marc ) | = 30 marc |
| 4. | Ní fhaca sé éinne | ... 6 marc ) | |
| 5. | A hocht a chlog ar maidin | ... 6 marc ) | |

* Gearrfar píonós ar iomarcaíocht.

## ROINN II - SCRÍOBH NA TEANGA (120 MARC)

Comhairle speisialta faoi chumas, faoi chumarsáid, faoi chruinneas Gaeilge, faoi ábhar nach bhfuil 'ad rem' agus faoi ábhar neamhghnách

Ceist 4 30 Marc Freagair (a) **NÓ** (b)

(a) Fógra

Cumas Cumarsáide = 22 marc )
Cruinneas Gaeilge = 8 marc ) = 30 marc

/...

(b) Freagra

| | |
|---|---|
| Cumas Cumarsáide = 22 marc ) | = 30 marc |
| Cruinneas Gaeilge = 8 marc ) | |

Ceist 5 40 marc Freagair (a) **NÓ** (b)

(a) Litir

| | |
|---|---|
| Cumas Cumarsáide = 30 marc ) | = 40 marc |
| Cruinneas Gaeilge = 10 marc ) | |

(b) Foirm Iarratais

| | |
|---|---|
| Cumas Cumarsáide = 30 marc ) | = 40 marc |
| Cruinneas Gaeilge = 10 marc ) | |

Ceist 6 50 Marc Freagair (a) **NÓ** (b)

(a) Cuntas

| | |
|---|---|
| Cumas Cumarsáide = 37 marc ) | = 50 marc |
| Cruinneas Gaeilge = 13 marc ) | |

(b) Eachtra

| | |
|---|---|
| Cumas Cumarsáide = 37 marc ) | = 50 marc |
| Cruinneas Gaeilge = 13 marc ) | |

# FORLEATHNÚ AR AN SCÉIM MHARCÁLA DON A.T.B.L.

## AN CHLUASTUISCINT AGUS AN LÉAMHTHUISCINT

COMHAIRLE SPEISIALTA FAOI NA TICEANNA

Is cuma faoin gcóras nodaireachta a úsáideann an t-iarrthóir, má tá sé soiléir go bhfuil rogha amháin déanta ag an iarrthóir, marcáil an rogha sin.

## SCRÍOBH NA TEANGA

**N.B.: Ní ceartú atá ar siúl againn ach measúnú agus marcáil.**

Déantar an mharcáil faoi dhá cheannteideal: Cumas Cumarsáide agus Cruinneas Gaeilge.

| | |
|---|---|
| Cumas: | An cumas atá san iarrthóir a smaointe a chur in iúl trí Ghaeilge. |
| Cumarsáid: | Tagann cumarsáid i gceist nuair is féidir linn teachtaireacht, smaointe, nuaíocht an iarrthóra a thuiscint. |

Cumas Cumarsáide:

Is ionann seo agus an cumas atá san iarrthóir an tasc cumarsáide a tugadh di/dó a chomhlíonadh.

Cruinneas Gaeilge:

(i) Dul na Gaeilge - struchtúir na Gaeilge - cruinneas gramadaí;
(ii) Foclóir - cruinneas foclóra; (iii) Litriú - cé go mbeadh sé seo san áireamh moltar gan an iomarca béime a chur ar an ngné seo ag an leibhéal seo.

Ábhar nach bhfuil 'ad rem':

Cuirfear comhairle ar scrúdaitheoirí ina thaobh seo i gcás gach fo-cheiste.

Ábhar Neamhghnách:

Cuirfidh an scrúdaitheoir comhairleach comhairle ar an scrúdaitheoir ina thimpeall seo.

**N.B.**: Ná glac le Béarla.

Ceist 4:

(a) Tasc → Fógra a scríobh amach bunaithe ar na pictiúir agus ar na treoracha.

Cumas Cumarsáide = 22 marc

(i) Leagan Amach ... 1 marc

[ Iarracht ar fhógra = 1 marc ]

(ii) Treoracha ... 21 marc

[ Marcanna: P1 = 3+3;
P2 = 3+2+2+2; P3 = 3; P4 = 3 ]

(iii) Cruinneas Gaeilge = 8 marc

(b) Tasc → Freagra ar chuireadh a scríobh bunaithe ar na pictiúir agus ar na treoracha.

Cumas Cumarsáide = 22 marc

(i) Leagan Amach ... 4 marc

[ Beannú oiriúnach = 2 marc
Iarracht ar fhreagra = 1 marc
Síniú oiriúnach = 1 marc ]

(ii) Treoracha ... 18 marc

[ Ceithre mharc do na treoracha do phictiúr 1 = 2 x 2 marc

Deich marc do na treoracha do phictiúr 3 = 2 x 5 marc

Ceithre mharc do na treoracha do phictiúr 4 = 2 x 2 marc ]

(iii) Cruinneas Gaeilge = 8 marc

Ceist 5:

(a) Tasc → Litir a scríobh chuig cara bunaithe ar na pictiúir agus ar na treoracha.

Cumas Cumarsáide: = 30 marc

(i) Leagan Amach ... 6 marc

[ Seoladh = 2 marc
Dáta = 1 marc
Tús = 1 marc
Críoch = 2 marc ]

(ii) Treoracha ... 24 marc

[ Ceithre mharc do na treoracha do phictiúr 1 = 2 x 2 marc

Ceithre mharc déag do na treoracha do phictiúr 2 = (3 x 4 marc)

Ceithre mharc do na treoracha do phictiúr 3 = (2 x 2 marc)

Ceithre mharc do na treoracha do phictiúr 4 = 2 x 2 marc ]

(iii) Cruinneas Gaeilge = 10 marc

(b) Tasc → Foirm Iarratais a líonadh a bhfuil "ceisteanna" le freagairt agus "alt beag" a bhaineann go dlúth leis an bhfoirm iarratais a scríobh inti.

Cumas Cumarsáide = 30 marc

| | | | An Córas Marcála |
|---|---|---|---|
| (i) | Uimhir theileafóin | ½ marc | 1 marc |
| | Seoladh | 1½ marc | 3 marc |
| | Aois | ½ marc | 1 marc |
| | Dáta Breithe | 1 marc | 2 marc |
| | Airde | ½ marc | 1 marc |
| | Meáchan | ½ marc | 1 marc |
| | Scrúdú Teistiméireachta | ½ marc | 1 marc |
| | Cúig Ábhar | 2 marc | 10 marc |
| | Ag obair in ospidéal cheana | ½ marc | 1 marc |
| | Staidéar breise | ½ marc | 1 marc |
| | Obair oíche | ½ marc | 1 marc |
| | Tic le dáta | ½ marc | 1 marc |
| | An gcaitheann tú tobac | ½ marc | 1 marc |
| | Dhá Chaitheamh Aimsire | 2 marc | 4 marc |
| | Dáta | ½ marc | 1 marc |
| | ... 15 marc | 30 ÷ 2 | |

**N.B.:** **Ná bíodh ½ marc le feiceáil in aon áit (m.sh. 21 ÷ 2 = 10½ = 11 marc)**

(ii) An tAlt Beag. Thart ar 40 focal ag teastáil. Sa chás nach mbeadh an t-alt fada go leor, bainfear céatadán cuí den mharc bronnta (m.sh. mura bhfuil ann ach 20 focal, déanfar an t-alt a mharcáil as 15 marc agus bainfear 50% den mharc bronnta)

... 15 marc

(iii) Cruinneas Gaeilge = 10 marc

Ceist 6:

(a) Tasc → Cuntas (timpeall 90 focal) a scríobh do nuachtán bunaithe ar an bpictiúr.

Cumas Cumarsáide = 37 marc

(i) Tá timpeall 90 focal ag teastáil. Sa chás nach mbeadh an t-alt fada go leor, bainfear céatadán cuí den mharc bronnta (m.sh. mura bhfuil ann ach 45 focal, an t-alt a mharcáil as 37 marc agus timpeall 50% a bhaint den mharc bronnta).

(ii) Níor mhór cúig thagairt ar a laghad a bheith sa chuntas d'imeachtaí nó do thosca na hócáide.

(iii) Glactar le foirm ar bith nó pearsa ar bith a fhad is atá an cur síos cumarsáideach, bunaithe ar an ócáid a léirítear.

(iv) 10% den mharc bronnta a bhaint mura bhfuil ann ach liosta.

(v) Ná glac le Béarla

(vi) Cruinneas Gaeilge = 13 marc

(b) Tasc → Scríobh faoi Eachtra a tharla agus tú ag campáil.

Cumas Cumarsáide = 37 marc

(i) Baineann a bhfuil ráite i gcás 6.(a), (i), (iii), (iv) agus (v) le 6.(b) chomh maith.

(ii) Bheadh tagairt do gach aon phictiúr tábhachtach le go mbeadh fás nádúrtha ag baint leis an eachtra.

(iii) Cruinneas Gaeilge = 13 marc